Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Bealtaine 2019**
**(OR. en)**

**9248/19**

**ESPACE 50**
**RECH 260**
**COMPET 396**
**MI 433**
**IND 172**
**EU-GNSS 28**
**TRANS 331**
**TELECOM 220**
**ENER 266**
**EMPL 269**
**CSDP/PSDC 238**
**CFSP/PESC 376**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis “an Spás mar chumasóir”<br>- *Glacadh* |

## I. RÉAMHRÁ

1. Ullmhaíodh na conclúidí ón gComhairle maidir leis "an Spás mar chumasóir" i bhfianaise an naoú Comhairle um an Spás, comhchruinniú comhchéimneach de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa ar leibhéal aireachta[1], a bheidh ar siúl ar an 28 Bealtaine 2019.

[1] Bunaithe ar Airteagal 8 den Chreat-chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach (CE) agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE)

2. De cheal ama, ní rabhthas in ann leanúint leis na socruithe a bhí ann roimhe seo, eadhon téacs comhchoiteann a bheith ann don dá eagraíocht. Cinneadh nós imeachta *ad hoc*, bunaithe ar an gCreat-Chomhaontú, eadhon, "gan dochar do nósanna imeachta cinnteoireachta inmheánacha na bpáirtithe"[2], ionas go bhféadfadh Uachtaránacht na Rómáine ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh, Uachtaránacht na Spáinne ar Chomhairle GSE ar leibhéal aireachta, Feidhmeannach GSE agus an Coimisiún cruinnithe ceathairshleasacha a thionól d'fhonn téacs maidir leis "an Spás mar chumasóir" a ullmhú agus a ghlacfaidh gach eagraíocht i gcomhréir lena nósanna imeachta féin. Conclúidí ón gComhairle an téacs a ghlacfaidh Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Rún GSE a ghlacfaidh GSE. Cé gur comhionann corp an téacs tá difríocht den bheagán idir an dá bhrollach.

## II. STAID NA hIMEARTHA

3. Phléigh an Mheitheal um an Spás na dréachtchonclúidí ón gComhairle ag na cruinnithe a bhí aici ar an 6 Márta, an 12 Márta, an 20 Márta, an 9 Aibreán, an 17 Aibreán agus an 8 Bealtaine 2019. Cúig chruinniú ullmhúcháin cheathairshleasacha a tionóladh idir Uachtaránacht na Rómáine, Uachtaránacht na Spáinne ar Chomhairle GSE ar leibhéal aireachta, Feidhmeannach GSE agus an Coimisiún chun comhordú agus cóineasú a dhéanamh ar an téacs.

4. Comhaontaíodh an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Nóta seo, ag cruinniú de chuid Choiste na mBuanionadaithe ar an 15 Bealtaine 2019 agus comhaontaíodh na dréachtchonclúidí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle (Iomaíochas) ar an 28 Bealtaine 2019 lena nglacadh.

## III. CONCLÚID

5. Iarrtar ar an gComhairle (Iomaíochas), dá bhrí sin, na conclúidí seo a ghlacadh, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

---

[2] Airteagal 8, mír 4.

**IARSCRÍBHINN**

**DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE**
**MAIDIR LEIS "AN SPÁS MAR CHUMASÓIR"**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AG MEABHRÚ DI:

- an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) lena mbunaítear inniúlacht an Aontais Eorpaigh sa Spás[3];
- an Coinbhinsiún chun Gníomhaireacht Spáis na hEorpa a bhunú 30 Bealtaine 1975;
- an Creat-Chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (dá ngairtear an "Creat-Chomhaontú" anseo feasta)[4] a tháinig i bhfeidhm i mí na Bealtaine 2004 agus athnuaite dá éis sin, ina n-éilítear comhchruinnithe comhchéimneacha rialta de chuid Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Chomhairle Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa ar leibhéal aireachta dá ngairtear "an Chomhairle Spáis"[5];
- na rúin agus na treoshuímh a ghlac an Chomhairle Spáis go háirithe maidir leis an "mBeartas Eorpach Spáis"[6], "An Beartas Eorpach Spáis a thabhairt ar aghaidh"[7], "An méid a chuireann an Spás leis an nuálaíocht agus leis an iomaíochas i gcomhthéacs an phlean Eorpaigh um an téarnamh eacnamaíoch, agus céimeanna breise"[8], "Dúshláin dhomhanda, leas iomlán a bhaint as córais spáis na hEorpa"[9], agus maidir leis na "Treoshuímh maidir le breisluach agus buntáistí a bhaineann leis an Spás do shlándáil shaoránaigh an Aontais"[10];
- an "Ráiteas comhpháirteach maidir le Fís choiteann agus cuspóirí coiteanna do thodhchaí na hEorpa sa Spás", arna shíniú ag an Aontas Eorpach agus ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa ar an 26 Deireadh Fómhair 2016;
- an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis Spáis don Eoraip an 26 Deireadh Fómhair 2016[11] agus na conclúidí ón gComhairle maidir le "Straitéis Spáis don Eoraip" an 30 Bealtaine 2017;

---

[3] Go háirithe Airteagail 4 agus 189 de
[4] IO L 261, 6.8.2004, lch 64.
[5] Go háirithe Airteagal 8 de.
[6] 10037/07
[7] 13569/08
[8] 10500/09
[9] 16864/10
[10] 18232/11
[11] 13758/16

- an toradh a bhí ar an gComhairle Aireachta GSE, a tionóladh i Luzern, an Eilvéis, ar an 1-2 Nollaig 2016 agus sa rún uaithi dar teideal "Ionsar Spás 4.0: Spás Aontaithe san Eoraip" agus an toradh a bhí ar an gComhairle eatramhach Aireachta GSE a tionóladh in Villanueva de la Canada, an Spáinn ar an 25 Deireadh Fómhair 2018;
- an ról lárnach a bhí ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa maidir le cláir shuaitheanta spáis an Aontais, Copernicus, Galileo agus EGNOS, ag an nGníomhaireacht Eorpach GNSS faoi chuimsiú Galileo agus EGNOS, agus ag EUMETSAT agus na heintitis eile ar cuireadh cúraimí orthu faoi chuimsiú Copernicus;

(1) CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról atá ag an Spás mar chumasóir i dtaca leis an méid seo a leanas: leas sóisialta agus eacnamaíoch, na teorainneacha eolais a fhairsingiú, go háirithe san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus i bhfeidhmchláir, agus chun tacú le lucht ceaptha beartas agus cinntí roinnt beartas earnálach a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, *inter alia*, fuinneamh, sláinte phoiblí, comhshaol, an t-athrú aeráide, Clár Oibre 2030 agus na cuspóirí agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe atá ann, tionscal, iompar, muirí, talmhaíocht, oidhreacht chultúrtha, forbairt tuaithe, an fhoraoiseacht agus an t-iascach, an digitiú, an tslándáil agus an chosaint.

(2) CUIREANN SÍ I dTREIS gur mór an cúnamh an Spás chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus shóisialta agus ról domhanda na hEorpa a fheabhsú. Tá ról ríthábhachtach ag an Spás i dtaca le huathriail na hEorpa, leis an taidhleoireacht dhomhanda, le glacadh leis an bhféiniúlacht Eorpach, chomh maith le hugach agus spreagadh a thabhairt do na glúine atá le teacht..

(3) CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil éiceachóras Spáis atá rathúil ríthábhachtach freisin chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin pholaitiúla agus eacnamaíocha atá ag an Eoraip i gcoitinne agus ríthábhachtach d'fholláine shaoránaigh na hEorpa agus na nglún atá le teacht.

(4) AITHNÍONN SÍ go bhfuil athrú ó bhonn ag teacht ar thírdhreach an Spáis ar fud na cruinne, amhail gur ann anois don "Spás nua". Tráth dá raibh, is le dornán beag tíortha a bhain an Spás agus cistí agus leasanna poiblí ina mbonn leis an méid sin; tá sé sin anois ag athrú agus gníomhaithe nua ag teacht chun cinn, amhail tíortha atá gníomhach den chéad uair i gcúrsaí spáis agus go háirithe gníomhaithe príobháideacha nua.

(5) Ós amhlaidh atá, agus mar gheall ar an Spás, CUIREANN SÍ I dTREIS gur ann anois do dheiseanna nua chun feabhas a chur ar an iomaíochas, ar an nuálaíocht, ar an bhfiontraíocht, ar scileanna agus fothú acmhainneachta a threisiú i ngach Ballstát agus ar an leibhéal réigiúnach agus aird ar leith á tabhairt ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta agus iad a chur san áireamh sna slabhraí luacha atá ann cheana féin, agus ar an mbonn sin leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé an comhoibriú trasteorann mar aon leis an gcomhar idirnáisiúnta a neartú.

(6) Chun go ndéanfaí leathnú ar an úsáid atá le baint as feidhmchláir na spáschóras AITHNÍONN SÍ gur gá dáileadh cothrom a dhéanamh idir limistéir gheografacha, Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus GSE, catagóirí úsáideoirí agus earnálacha eacnamaíocha, agus CUIREANN SÍ IN IÚL GO LÁIDIR go bhfuil deiseanna suntasacha ann chun fás eacnamaíoch agus nuálaíocht a chothú ach úsáid níos forleithne a bhaint as feidhmchláir spásbhunaithe.

(7) TACAÍONN SÍ le hearnálacha Eorpacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha a fhorbairt a bheidh nuálach agus iomaíoch agus leis an úsáid is leithne is féidir a bhaint as sonraí, faisnéis agus seirbhísí Spáis;

(8) AITHNÍONN SÍ go bhfuil réimse leathan feidhmchláir spásbhunaithe nuálacha ar fáil anois, lena gcuirfear, ar an mbealach sin, le cáilíocht saoil shaoránaigh na hEorpa a fheabhsú, le fás agus cruthú post a chumasú agus an fhiontraíocht a spreagadh – lasmuigh den infheistíocht ón earnáil phoiblí.

(9) MOLANN SÍ don Ghníomhaireacht Eorpach GNSS, GSE agus eintitis a bhfuil cúraimí de chuid Copernicus curtha orthu, amhail EUMETSAT agus eintitis eile, leanúint leis an nuálaíocht a bhunú sna hearnálacha margaidh go léir, lena n-áirítear an margadh iartheachtach, de réir a gcuid cúraimí faoi seach, agus dlús a chur le cur chun cinn agus le margaíocht seirbhísí d'fhonn iomaíochas thionscal na hEorpa a neartú.

(10) AITHNÍONN SÍ gur cheart gníomhaíochtaí institiúideacha agus cláir spáis ar an leibhéal Eorpach a bheith faoi chúram rialú sibhialta nó rialtais.

(11) AITHNÍONN SÍ go gcaithfear bonneagair spáis na hEorpa, idir thalamh, spás agus úsáideoirí deiridh araon, a fhorbairt, a chaomhnú, a fheabhsú, a shaothrú agus a chosaint.

(12) AITHNÍONN SÍ gur gá don Eoraip rochtain atá slán, neamhspleách, iontaofa, éifeachtach agus inacmhainne ó thaobh costas de a choimeád ar an Spás, ag athdhearbhú di an tábhacht straitéiseach a bhaineann le rochtain neamhspleách ag an Eoraip ar an Spás, agus ar an mbealach sin, ag rannchuidiú le hearnáil Spáis Eorpaigh a bheidh nuálach agus iomaíoch agus ag treisiú ról na hEorpa ar fud na cruinne.

(13) CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá an eolaíocht, an teicneolaíocht, na feidhmchláir agus na gníomhaíochtaí taighde fud fad slabhra luacha an spáis, an tábhacht a bhaineann le malartú smaointe agus in-chuideachta agus seach-chuideachta teicneolaíochtaí spáis agus neamh-spáis a chruthú.

(14) MOLANN SÍ go n-áiritheoidh na gníomhaithe uile lena mbaineann, trí chomhoibriú a dhéanamh maidir leis an Spástaighde agus an nuálaíocht Spáis, go ndéanfar, le gníomhaíochtaí taighde san am atá romhainn, an Spás a chomhtháthú, ar bhealach níos fearr, le réimsí beartais eile, ag rannchuidiú le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta agus dhomhanda chun leas deiridh na saoránach agus an chine daonna.

(15) CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go mbeidh fís straitéiseach ag baint le seasamh na hEorpa sa Spás amach anseo, ina sainmhínítear spriocanna soiléire, cur chun feidhme comhsheasmhach maidir le gníomhaíochtaí éagsúla, agus maidir le hacmhainní a leithdháileadh dá réir sin, d'fhonn na sochair shocheacnamaíocha a uasmhéadú agus na dúbailtí sin nach bhfuil gá leo a sheachaint; MEASANN SÍ gur féidir leis an Eoraip leas iomlán a bhaint as na buntáistí a thiocfaidh as an Spás, ach cur chuige comhleanúnach, éifeachtúil agus comhlántach ann idir an tAontas Eorpach, Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus GSE, de réir róil agus freagrachtaí faoi seach, agus ar an gcaoi sin, iomaíochas agus suíomh na hEorpa mar Spáschumhacht a fheabhsú.

(16) CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart bearta comhbheartaithe a dhéanamh, i gcomhar iomlán leis an Aontas Eorpach, Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus GSE, chun a áirithiú go neartaíonn earnáil Spáis na hEorpa a hiomaíochas ar an margadh domhanda, chun modhanna nua comhair idir gníomhaithe atá ann cheana féin, gníomhaithe nua agus gníomhaithe atá ag teacht chun cinn a chumasú agus a chur chun feidhme agus a éileamh go mbeadh ann tionscal spáis Eorpaigh atá iomaíoch ó thaobh tráchtála a mbeidh rochtain ag earnálacha eile air.

(17) CUIREANN SÍ I dTREIS sa chomhar a dhéanfaidh an tAontas Eorpach le GSE, faoi chuimsiú "an Chreat-Chomhaontaithe", nach mór lánurraim a thabhairt dá gcúinsí institiúideacha agus creataí oibríochtúla faoi seach.

(18) AITHNÍONN SÍ gur dearbhaíodh agus gur feabhsaíodh an athuair, sa "Ráiteas comhpháirteach maidir le Fís choiteann agus cuspóirí coiteanna do thodhchaí na hEorpa sa Spás", aidhm an "Chreat-Chomhaontaithe", eadhon aghaidh a thabhairt ar Bheartas Eorpach Spáis foriomlán a fhorbairt ar bhonn comhleanúnach, comhtháite.

(19) MEASANN SÍ go dteastaíonn fís straitéiseach chomhtháite fhadtréimhseach idir an tAontas Eorpach agus GSE, de réir a ról agus a bhfreagrachtaí faoi seach, chun earnáil spáis níos láidre a bhaint amach agus tionchar na hEorpa ar an saol mór a mhéadú.

(20) MOLANN SÍ gur cheart an Chomhairle Spáis a eagrú ar bhonn rialta, uair sa bhliain ab fhearr, chun plé a dhéanamh ar fhís straitéiseach choiteann agus cuspóirí coiteanna don Eoraip sa Spás.

(21) AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go ndíreodh na díospóireachtaí a bheidh amach anseo ag an gComhairle Spáis ar na príomhbheartais agus príomhthosaíochtaí a bhaineann leis an Spás d'fhonn comhtháthú feabhsaithe an Spáis i sochaí agus i ngeilleagar na hEorpa a áirithiú agus chun rannchuidiú le hearnáil spáis Eorpaigh atá iomaíoch ar fud na cruinne, trí bhíthin an ardchaighdeáin san eolaíocht, sa teicneolaíocht, agus i bhfeidhmchláir a bhaineann leis an Spás.